## Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí: Aonad Foghlama
## Pleanáil Roinne

| **Bliain:** 1ú Bliain | **Téarma:** 2 | **Aonad:** 3 | **Fad an Aonaid:** 4 seachtaine (8 x 60 nóim nó 4 x 80 nóim agus 4 x 40 nóim) |
|---|---|---|---|

**Theme: Bímis Inbhuanaithe**

### Torthaí Foghlama

2.7 na bealaí a shainaithint inar féidir le daoine aonair agus teaghlaigh cur le maireachtáil inbhuanaithe agus fhreagrach
2.8 cur síos a dhéanamh ar chleachtais inbhuanaithe laethúla sa teach agus éifeachtúlacht fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus caomhnú uisce san áireamh
2.10 scileanna cinnteoireachta tomhaltóra a chur i bhfeidhm chun acmhainní pearsanta agus teaghlaigh a láimhseáil don saol laethúil
1.16 cleachtais inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun acmhainní bia agus ábhair a roghnú agus a bhainistiú
1.3 raon de phrionsabail & teicnící cócaireachta a chur i bhfeidhm chun béilí sláintiúla a ullmhú don duine aonair agus don teaghlach & cúrsaí buiséid á gcoimeád i gcuimhne chomh maith

### Briathra Gnímh

Sainaithin: patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair
Cuir síos: pictiúr nó íomhá mhionsonraithe a fhorbairt ar struchtúr nó ar phróiseas, mar shampla, ag úsáid focal nó léaráidí mar is cuí; plean, ionsamhlú nó mionsamhail a chruthú
Aithin: fíricí, saintréithe nó coincheapa atá riachtanach (ábhartha/oiriúnach) a shainaithint chun cás, imeacht, próiseas nó feiniméan a thuiscint

### Príomhfhoghlaim

Eolas Tuiscint Scileanna Luachanna

Cleachtais inbhuanaithe sa bhaile - éifeachtúlacht, bainistiú dramhaíola agus caomhnú uisce
Cinnteoireacht fhreagrach – roghnú bia – conas a roghnaímid bia agus muid ag cuimhneamh ar ár mbuiséad, ár scileanna, agus ár n-acmhainní
Prionsabail chócaireachta ar féidir leo feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh, an t-uisce a úsáidimid a laghdú
Dramhaíl a laghdú agus tú ag siopadóireacht le haghaidh bia agus nuair a bhíonn bia á úsáid
Oidis a mhodhnú le haghaidh béilí sláintiúla aonair agus teaghlaigh chun a gcostas a laghdú agus an próiseas cócaireachta a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh, chun níos lú uisce a úsáid agus chun dramhaíl bia agus ábhair a laghdú
Cócaráil agus freastal ar roinnt de na miasa modhnaithe
Measúnú a dhéanamh ar na miasa agus aird ar a gcostas, an próiseas cócaireachta, éifeachtúlacht fuinnimh, úsáid uisce agus dramhaíl bia agus ábhair a laghdú

### Measúnú

**Acmhainní**

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers